Réamhrá

Is cúrsa i gcleachtas agus i dteoiric na drámaíochta atá san Ard-Dioplóma sa Drámaíocht a thugann léargas cuimsitheach ar phróiseas na drámaíochta ó scríobh go stáitsiú.

Cur síos ar an gClár

Cuireann an tArd-Dioplóma an-bhéim ar an aisteoireacht, an aisteoireacht ghrúpa go háirithe, agus cuirtear dráma ar stáitse ag deireadh an chúrsa faoi stiúir léiritheoir proifisiúnta.

Déanfaidh an mac léinn staidéar ar dhrámaí agus drámadóirí na Gaeilge mar aon leis na gluaiseachtaí drámaíochta is tábhachtaí a chuaigh i bhfeidhm ar an earnáil sa chomhthéacs idirnáisiúnta ó dhrámaíocht na Gréige i leith.

Tugann an tArd-Dioplóma oiliúint do mhúinteoirí atá ag iarraidh an drámaíocht a úsáid sa seomra ranga mar áis foghlama agus mar chur chuige a spreagann forbairt phearsanta an duine óig.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an chláir

- Oiliúint a thabhairt san aisteoireacht agus i léiriú stáitse.
- Léargas a thabhairt ar stair agus litríocht na drámaíochta.
- Léargas a thabhairt ar an drámaíocht san oideachas agus scileanna ceardlainne a fhorbairt.
- Tuiscint a thabhairt ar phróiseas léirithe dráma.
- An tsamhlaíocht a chothú.

Riachtanais Iontrála:

Bunchéim in aon ábhar nó ar a laghad cúig bliana de thaithí ghairmiúil in earnáil na drámaíochta nó in earnáil na haisteoireachta le caighdeán sásúil sa réamhagallamh agus sa réamhscrúdú. Caithfidh cumas sásúil Gaeilge, idir thuiscint, labhairt agus scríobh, a bheith ag iarratasóirí.

Urraíocht

De thoradh urraíochta ó Údarás na Gaeltachta, seasfar táille an chláir don mhac léinn.





Na Modúil

Bliain 1
Aisteoireacht 1
Aisteoireacht 2
Scríobh Dráma nó Léirmheastóireacht
Drámaí agus Drámadóirí Móra na Gaeilge
Ceardlanna Teicniúla

Bliain 2
Stair na hAmharclainne Ginearálta
Puipéadóireacht
Drámaíocht san Oideachas
Cruthú Dráma i nGrúpa
Léiriú Dráma

Nóta: Beidh ar mhic léinn freastal ar dhrámaí ar leith i rith na bliana.

Próiseas Measúnachta:

Measúnú leanúnach ar bhonn tionscnaimh phraiticiúla, cur i láthair agus aistí.

Tréimhse an Chúrsa:

Cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain ó Mheán Fómhair go hAibreán.

Ionad an Chúrsa

Ionad an Acadaimh, An Cheathrú Rua agus Amharclann Chois Fharraige, Seanscoil Shailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Iarratais:

Tá córas nua iontrála ag an ollscoil dar teideal PAC a chiallaíonn go ndéantar iarratais ar líne seachas tríd an bpost. Téigh go www.pac.ie chun d'iarratas a dhéanamh. Má tá aon chabhair uait ag úsáid PAC is féidir glaoch ar Fiona Ní Chualáin ag 091 493963.

Cód iarratais an chúrsa ná GYA75.

Sprioclá d'iarratais:

Is bunaithe ar iarratais a gheofar faoin 3 Aibreán 2009 a dhéanfar tairiscintí sa chéad bhabhta. Is ar bhonn rollach a mheasfar iarratais ina dhiaidh sin.

Deiseanna Fostaíochta

Cuirfidh an cúrsa seo leis na deiseanna fostaíochta atá ar fáil duit i réimse na drámaíochta. Samplaí de phoist a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ná post mar aisteoir, léiritheoir, teicneoir nó scríbhneoir le compántas drámaíochta nó le comhlacht léiriúcháin teilifíse. Tá cáilíocht sa drámaíocht luachmhar i réimsí gaolmhara mar shampla réimse an oideachais agus i réimse na hoibre sóisialta.

Breis Eolais:

Marianne Ní Chinnéide
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
Áras Mháirtín Uí Chadhain,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 869103
Ríomhphost: marianne.nichinneide@oegaillimh.ie

Ollscoil *na* hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge

Breis Eolais

Marianne Ní Chinnéide,
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
Áras Mháirtín Uí Chadhain,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.

R-phost: marianne.nichinneide@oegaillimh.ie

Fón: 091 869103

Ard-Dioplóma sa Drámaíocht

(páirtaimseartha)

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge

i gcomhar le Scoil na Gaeilge

dearthа ag www.micromarketing.ie